2025/2540

12.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2540 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Nollaig 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú an phlean le haghaidh athbhreithniú piaraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) ([1]), agus go háirithe Airteagal 59(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2019/881, tá dhá ÚNDC (údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála) ó Bhallstáit eile agus ón gCoimisiún le hathbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar ÚNDCanna. D'fhonn caighdeáin choibhéiseacha a bhaint amach maidir le deimhnithe Eorpacha cibearshlándála agus ráitis chomhréireachta ón Aontas, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin seo agus a áirithiú go ndéanfar athbhreithnithe piaraí ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun cuidiú le dea-chleachtais, dúshláin agus ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a shainaithint, ba cheart an deis a bheith ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) páirt a ghlacadh sna hathbhreithnithe piaraí mar bhreathnóir. Chun tacú le cur chun feidhme comhchuibhithe fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart a cheadú do ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (ECCG), teimpléid a fhorbairt freisin.

(2) Chun pleanáil intuartha agus leithdháileadh éifeachtúil acmhainní a áirithiú, ba cheart na hathbhreithnithe piaraí ar gach ÚNDC a dhéanamh i gcomhréir le sceideal bunaithe. Ba cheart do ÚNDC a bheith in ann a iarraidh go gcuirfí moill ar a athbhreithniú piaraí in imthosca eisceachtúla, amhail ganntanais foirne gan choinne nó cásanna *force majeure*. Chuige sin, is gá na socruithe a leagan amach chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh sin, lena n-áiritheofar go gcoinneofar an sceideal uileghabhálach ar bun, agus nach gcuirfear cuspóirí an tsásra um athbhreithniú piaraí i mbaol.

(3) Chun a áirithiú go rannchuideoidh na Ballstáit uile le cur chun feidhme an tsásra athbhreithnithe piaraí, agus chun é a chur ar a gcumas dóibh tairbhe a bhaint as an bpiarfhoghlaim, ba cheart do ÚNDCanna gach Ballstáit dhá athbhreithniú piaraí a dhéanamh thar thréimhse 5 bliana. Ba cheart, dá bhrí sin, córas uainíochta a bhunú chun go mbeidh ÚNDCanna na mBallstát uile in ann a rannpháirtíocht a eagrú. Is gá freisin critéir a leagan amach ar cheart do ÚNDCanna iad a chur san áireamh agus ionadaithe á roghnú chun athbhreithnithe piaraí a dhéanamh, agus é mar chuspóir saineolas agus inniúlacht leordhóthanach a áirithiú. Ba cheart cead a bheith ag ÚNDCanna freisin páirt a ghlacadh in athbhreithnithe piaraí mar bhreathnóirí, chun críoch faireacháin agus chun foghlaim ón bpróiseas. I gcásanna den sórt sin, níor cheart a cheangal go mbeadh an saineolas agus an inniúlacht chéanna ag a n-ionadaí agus a bhfuiltear ag súil leis ó ionadaithe ó ÚNDCanna a dhéanann na hathbhreithnithe piaraí.

(4) Chun a áirithiú go ndéanfaidh ÚNDC amháin ar a laghad a úsáideann an cur chuige céanna maidir le deimhnithe a eisiúint ar leibhéal 'ard' athbhreithniú piaraí ar ÚNDC, ba cheart do ENISA a chur in iúl, agus cuireadh á thabhairt do ÚNDCanna a spéis a léiriú a bheith ina bpiar-athbhreithnitheoirí, cé acu a eisíonn nó nach n-eisíonn ÚNDC piarmheasúnaithe deimhnithe go díreach ar leibhéal 'ard', cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sé úsáid as an tsamhail um fhormheas roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 56(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/881, cé acu a dheonaíonn nó nach ndeonaíonn sé tarmligean ginearálta i gcomhréir le pointe (b) den mhír sin, nó an é go bhfuil meascán de na saintréithe sin aige.

([1]) IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj.

(5) Chun critéir agus nósanna imeachta coiteanna meastóireachta a áirithiú maidir le hathbhreithnithe piaraí a fheidhmiú ar fud an Aontais, ba cheart ceistneoir féinmheasúnaithe, athbhreithniú doiciméadachta agus cuairt ar an láthair, agus agallaimh ag gabháil leo, a áireamh i ngach athbhreithniú piaraí i gcónaí. Tar éis na cuairte ar an láthair, ba cheart don fhoireann athbhreithnithe piaraí na torthaí a phlé leis an ÚNDC piarmheasúnaithe, dréacht-tuarascáil a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an ÚNDC phiarmheasúnaithe chun barúlacha a fháil, d'fhonn comhthoil a áirithiú, i gcás inar féidir. Ba cheart don fhoireann athbhreithnithe piaraí an tuarascáil chríochnaitheach, a bhféadfadh treoirlínte nó moltaí a bheith inti chun feabhas a chur ar an ÚNDC piarmheasúnaithe, a chur faoi bhráid ECCG. Ba cheart do ECCG, ar mholadh ón bhfoireann athbhreithnithe piaraí, tuarascáil achomair atá le cur ar fáil go poiblí a fhormhuiniú freisin.

(6) Chun a áirithiú go láimhseálfar an fhaisnéis a fhaightear tríd an bpróiseas athbhreithnithe piaraí ar bhealach slán, ba cheart don fhoireann athbhreithnithe piaraí a áirithiú go n-úsáidfear bealaí slána cumarsáide amhail ardán slán chun doiciméid a stóráil agus a chomhroinnt, agus go n-úsáidfear na coimircí iomchuí le haghaidh sonraí rúnda a chomhroinntear idir na baill den fhoireann athbhreithnithe piaraí. Ba cheart do ENISA, agus dea-chleachtais na ÚNDCanna atá ann cheana á gcur san áireamh, a bheith in ann treoirlínte a fhorbairt freisin maidir le conas cumarsáid shlán a áirithiú, go háirithe d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an leibhéal slándála a chuireann an fhoireann athbhreithnithe piaraí i bhfeidhm agus faisnéis á bailiú, á comhroinnt agus á próiseáil aici a ailíniú le riachtanais slándála an ÚNDC phiarmheasúnaithe.

(7) Chun comhar agus malartú éifeachtach faisnéise idir ÚNDCanna a éascú, ba cheart do ECCG, go háirithe a fhoghrúpa maidir le hathbhreithnithe piaraí, rannchuidiú le teimpléid a fhorbairt agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Rialachán seo a chur chun feidhme.

(8) Is seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) é an sásra um athbhreithniú piaraí. Leis an Rialachán seo, tugtar isteach ceanglais cheangailteacha nua a dhéanann difear don tseirbhís sin, agus, dá réir sin, tá sé faoi réir na hoibleagáide measúnaithe idir-inoibritheachta faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/903. Dá réir sin, rinneadh measúnú idir-inoibritheachta, agus tá an tuarascáil a thiocfaidh as sin le foilsiú ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

(9) Agus an Rialachán seo á fhorbairt, chuir an Coimisiún tuairimí ECCG san áireamh, lena n-áirítear a fhoghrúpa maidir le hathbhreithnithe piaraí.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2019/881,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sceideal, minicíocht agus costas na n-athbhreithnithe piaraí

1. Déanfar na hathbhreithnithe piaraí ar na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir leis an sceideal a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Críochnófar gach athbhreithniú piaraí faoin dáta a shonraítear sa sceideal sin agus déanfar é uair amháin gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh ÚNDC piarmheasúnaithe iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a athbhreithniú piaraí a chur siar tar éis an dáta a léirítear sa sceideal a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (ECCG) arna bhunú le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2019/881, measúnú ar an iarraidh agus cuirfidh sé na páirtithe ábhartha uile ar an eolas faoin toradh go tráthúil.

([2]) Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

3. I gcás inar ainmnigh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2019/881, an méid seo a leanas:

(a) níos mó ná ÚNDC amháin ar a chríoch, déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna uile an Bhallstáit sin i gcomhthráth;

(b) ÚNDC nó ÚNDCanna Ballstáit eile, féadfar athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar an ÚNDC nó ar na ÚNDCanna sin i gcomhréir leis an sceideal a leagtar síos le haghaidh an Bhallstáit ainmniúcháin nó le haghaidh Bhallstát an ÚNDC nó na ÚNDCanna ainmnithe, maidir leis na cúraimí maoirseachta a dhéantar sa Bhallstát ainmniúcháin.

4. Cuirfidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí ar an suíomh gréasáin maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna gcruthú de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2019/881:

(a) an fhaisnéis maidir leis an sceideal a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(b) an liosta de ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí a choinnítear ar bun de bhun Airteagal 2(5).

5. Íocfaidh gach ÚNDC atá páirteach sa phróiseas athbhreithnithe piaraí a chostais rannpháirtíochta féin.

Airteagal 2

Córas uainíochta le haghaidh ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí

1. I gcomhréir le hAirteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2019/881, is dhá ÚNDC is piar-athbhreithneoirí ó na Ballstáit eile agus ón gCoimisiún a dhéanfaidh gach athbhreithniú piaraí. Beidh ÚNDCanna gach Ballstáit rannpháirteach san athbhreithniú piaraí ar dhá ÚNDC ar a laghad le linn gach tréimhse a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Féadfaidh ÚNDCanna na mBallstát eile páirt a ghlacadh san athbhreithniú piaraí mar bhreathnóirí le hionadaí amháin nó níos mó, le comhaontú ón ÚNDC piarmheasúnaithe, ó ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí agus ón gCoimisiún.

3. Féadfaidh ionadaí amháin ó ENISA a bheith rannpháirteach san athbhreithniú piaraí mar bhreathnóir. Féadfaidh ionadaithe breise a bheith rannpháirteach freisin, le comhaontú ón ÚNDC piarmheasúnaithe, ó na ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí agus ón gCoimisiún.

4. Beidh rochtain ag breathnóirí ar an bhfaisnéis chéanna atá ag baill eile de na foirne athbhreithnithe piaraí, ach ní dhéanfaidh siad cúraimí a bhaineann le cur i gcrích an athbhreithnithe piaraí.

5. Déanfaidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le ECCG, liosta na ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí atá chun an sceideal a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i gcrích a mholadh agus a choinneáil ar bun. Le linn bliain ar leith, iarrfaidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar na ÚNDCanna a spéis a chur in iúl maidir leis na hathbhreithnithe piaraí ar na ÚNDCanna atá sceidealaithe in Iarscríbhinn I le haghaidh na bliana dár gcionn a dhéanamh nó páirt a ghlacadh iontu mar bhreathnóirí.

6. I gcás ina léireoidh níos mó ná dhá ÚNDC gur spéis leo athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar an ÚNDC céanna, rachaidh an Coimisiún agus ENISA i gcomhairle leis na ÚNDCanna leasmhara agus déanfaidh siad cinneadh maidir leis na rannpháirtithe athbhreithnithe piaraí.

7. I gcás, i mbliain ar leith, nach bhfuil dóthain ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí ann a léiríonn a spéis sna hathbhreithnithe piaraí a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ECCG, ÚNDCanna a roghnú chun na hathbhreithnithe piaraí a dhéanamh. Agus iad á roghnú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an oibleagáid atá ar ÚNDCanna gach Ballstáit páirt a ghlacadh san athbhreithniú piaraí ar dhá ÚNDC ar a laghad, oibleagáid dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3

Critéir maidir le comhdhéanamh na foirne athbhreithnithe piaraí

1. In am trátha roimh thús an athbhreithnithe piaraí, ainmneoidh gach ÚNDC piarmheasúnaithe ionadaí amháin chun an t-athbhreithniú piaraí a dhéanamh. Féadfaidh ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí níos mó ná ionadaí amháin a ainmniú i gcás inar gá sin chun a áirithiú go mbeidh na hinniúlachtaí is gá ag an bhfoireann athbhreithnithe piaraí chun an t-athbhreithniú piaraí a dhéanamh.

2. Comhlíonfaidh ionadaí ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí, cé is moite d'ionadaithe ó ÚNDCanna atá rannpháirteach mar bhreathnóirí, na critéir seo a leanas:

(a) taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith acu ag obair do na ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí nó páirt a bheith glactha acu in dhá athbhreithniú piaraí ar a laghad mar bhreathnóirí;

(b) eolas leordhóthanach a bheith acu ar an gcreat um dheimhniú cibearshlándála a leagtar amach le Rialachán (AE) 2019/881;

(c) eolas maith oibre a bheith acu ar an mBéarla agus, i gcás inar féidir, ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha a labhraítear i mBallstát na ÚNDCanna piarmheasúnaithe;

(d) feidhmiú go neamhspleách ar an ÚNDC piarmheasúnaithe.

3. Áiritheoidh ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí go ndéanfar aon riosca coinbhleachta leasa a bhaineann leis na hionadaithe ainmnithe a nochtadh do na ÚNDCanna eile, don Choimisiún agus do ENISA, roimh thús an phróisis athbhreithnithe piaraí. Féadfaidh an ÚNDC piarmheasúnaithe agóid a dhéanamh i gcoinne ainmniú ionadaithe ar leith i gcomhréir le mír 5.

4. Roghnóidh ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí ionadaí amháin ('an ceannaire foirne') as a measc féin chun an t-athbhreithniú piaraí a chomhordú.

5. Cuirfidh an Coimisiún ainmneacha agus sonraí teagmhála ionadaithe na ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí ar fáil don ÚNDC piar-athbhreithnithe sula gcuirfear tús leis an bpróiseas athbhreithnithe piaraí. I gcás inar mian leis an ÚNDC piarmheasúnaithe agóid a dhéanamh i gcoinne ainmniú ionadaí amháin nó níos mó, tabharfaidh sé, laistigh de choicís, údar cuí soiléir don Choimisiún, cuirfidh sé ENISA agus ECCG ar an eolas, agus iarrfaidh sé go n-ainmneoidh an ÚNDC ionadaí difriúil.

6. I gcás ina mbeidh an nós imeachta a leagtar amach i mír 5 ina chúis le moilleanna míchuí maidir leis an athbhreithniú piaraí a sheoladh de bharr imthosca eisceachtúla, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le ENISA agus ECCG, cinneadh maidir le comhdhéanamh na foirne athbhreithnithe piaraí.

Airteagal 4

Modheolaíocht an athbhreithnithe piaraí

1. Déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí ar na gnéithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gcomhréir le hAirteagal 59(3) de Rialachán (AE) 2019/881.

2. Féadfaidh ENISA, i gcomhar le ECCG agus leis an gCoimisiún, teimpléid a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na próisis arna mbunú ag an ÚNDC piarmheasúnaithe.

3. Beidh an méid seo a leanas san áireamh san athbhreithniú piaraí:

(a) ceistneoir féinmheasúnaithe;

(b) measúnú ar dhoiciméadacht ábhartha;

(c) agallaimh ar líne nó agallaimh fhisiceacha, nó an dá rud;

(d) cuairt ar an láthair.

4. Féadfar fad an athbhreithnithe piaraí a chomhaontú roimh ré idir an fhoireann athbhreithnithe piaraí agus an ÚNDC piarmheasúnaithe, ag brath ar mhéid agus ar chastacht ghníomhaíochtaí an ÚNDC phiarmheasúnaithe. Ní mhairfidh an chuairt ar an láthair níos faide ná 3 lá oibre.

5. Mura gcomhaontóidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí, an ÚNDC piarmheasúnaithe agus an Coimisiún a mhalairt, is é an Béarla an teanga chomhair a bheidh ann. Déanfar an tuarascáil athbhreithnithe piaraí dá dtagraítear in Airteagal 5 a tharraingt suas i mBéarla ar a laghad.

6. Oibreoidh an ÚNDC piarmheasúnaithe i gcomhar leis an bhfoireann athbhreithnithe piaraí agus tabharfaidh sé rochtain di ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid is gá chun an t-athbhreithniú piaraí a dhéanamh. Cuirfidh an ÚNDC piarmheasúnaithe an ceistneoir féinmheasúnaithe agus an tuarascáil achomair bhliantúil is déanaí arna glacadh i gcomhréir le hAirteagal 58(7), pointe (g), de Rialachán (AE) 2019/881 isteach 21 lá ar a laghad roimh dháta na cuairte ar an láthair. Cuirfear doiciméid bhreise isteach arna iarraidh sin don fhoireann athbhreithnithe piaraí, laistigh de 7 lá tar éis na hiarrataí sin a fháil.

7. Soláthrófar doiciméid i mBéarla mura gcomhaontófar a mhalairt de bhun mhír 5. I gcás nach soláthraítear doiciméid i mBéarla, féadfaidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí a iarraidh go n-aistreofaí go Béarla na doiciméid is gá chun an t-athbhreithniú piaraí a dhéanamh.

8. Sula ndéanfar an tuarascáil athbhreithnithe piaraí a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 5, pléifidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí réamhthorthaí leis an ÚNDC piarmheasúnaithe.

Airteagal 5

An tuarascáil athbhreithnithe piaraí

1. Laistigh de 21 lá ó chur i gcrích an athbhreithnithe piaraí, déanfaidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí dréacht-tuarascáil athbhreithnithe piaraí a tharraingt suas, ina n-áireofar sonraí Bhallstát an ÚNDC phiarmheasúnaithe, Bhallstáit na ÚNDCanna is piar-athbhreithneoirí, an Choimisiúin agus aon bhreathnóra, chomh maith le torthaí agus conclúidí an athbhreithnithe piaraí. I gcás inar gá, áireofar moltaí sna tuarascálacha chun go bhféadfar feabhas a chur ar na gnéithe a chumhdaítear leis an athbhreithniú piaraí.

2. Féadfaidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le ECCG, teimpléad a fhorbairt le haghaidh na tuarascála athbhreithnithe piaraí.

3. Tar éis an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe piaraí a tharraingt suas i gcomhréir le mír 1, cuirfidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí ar fáil don ÚNDC piarmheasúnaithe í chun barúlacha a thabhairt laistigh de 14 lá. Déanfaidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí meastóireacht ar na barúlacha agus, i gcás inar féidir, déanfaidh sí iad a chomhtháthú sa tuarascáil chríochnaitheach, d'fhonn comhthoil a áirithiú. I gcás easaontais, cuirfear freagairt an ÚNDC phiarmheasúnaithe i gceangal leis an tuarascáil chríochnaitheach.

4. Seolfar an tuarascáil chríochnaitheach chuig ECCG laistigh de 2 mhí ó chur i gcrích an athbhreithnithe piaraí, lena n-áirítear achoimre lena foilsiú. I gcomhréir le hAirteagal 59(6) de Rialachán (AE) 2019/881, scrúdóidh ECCG an tuarascáil agus formhuineoidh sé an achoimre uirthi, achoimre a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna gcruthú de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2019/881. Áireofar san achoimre freisin freagairt an ÚNDC phiarmheasúnaithe nó codanna di, i gcomhaontú leis an ÚNDC piarmheasúnaithe.

5. Déanfaidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith bailithe aici le linn an athbhreithnithe piaraí a anaithnidiú sula scaipfidh sí an tuarascáil athbhreithnithe piaraí lasmuigh den fhoireann athbhreithnithe piaraí.

Airteagal 6

Rúndacht

1. Gach páirtí a bhfuil baint acu le hathbhreithnithe piaraí, urramóidh siad rúndacht na faisnéise agus na sonraí a gheofar agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu sa chaoi is go gcosnófar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) cearta maoine intleachtúla, agus faisnéis rúnda ghnó nó rúin trádála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear cód foinseach, seachas na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]);

(b) cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo;

(c) leasanna an phobail agus leasanna slándála náisiúnta;

(d) sláine na n-imeachtaí coiriúla nó riaracháin.

2. Áiritheoidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí go ndéanfar aon fhaisnéis a fhaightear tríd an bpróiseas athbhreithnithe piaraí a láimhseáil go slán. A luaithe a bheidh an tuarascáil chríochnaitheach agus an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 5(4) tarraingthe suas, déanfaidh an fhoireann athbhreithnithe piaraí, lena n-áirítear aon bhreathnóir, na doiciméid uile a bailíodh nó a cruthaíodh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe piaraí a bhaint nó a scriosadh, seachas an tuarascáil chríochnaitheach agus an achoimre.

3. Féadfaidh ENISA, agus dea-chleachtais na ÚNDCanna atá ann cheana á gcur san áireamh aige, i gcomhar le ECCG, treoirlínte a fhorbairt maidir le cumarsáid shlán agus rúnda.

([3]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj.

Airteagal 7

Fothú acmhainní

Déanfaidh ENISA anailís ar thorthaí comhiomlánaithe na n-athbhreithnithe piaraí agus tarraingeoidh sé aird ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na dea-chleachtais, chun rannchuidiú le fothú acmhainneachta le haghaidh ÚNDCanna agus le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a choinneáil ar bun. Féadfar a áireamh san anailís sin, i gcás inarb iomchuí, oiliúint agus treoirlínte breise le haghaidh ÚNDCanna, arna bhforbairt i gcomhar le ECCG.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sceideal na n-údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála (ÚNDCanna) nach mór athbhreithniú piaraí a dhéanamh orthu

Déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna na mBallstát seo a leanas faoin 31 Nollaig 2026 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin:

An tSualainn, an Bheilg, an tSlóvaic, an Ghearmáin, Málta, an tSeicia

Déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna na mBallstát seo a leanas faoin 31 Nollaig 2027 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin:

An Ungáir, an Ghréig, an Eastóin, an tSlóivéin, an Ísiltír, an Iodáil

Déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna na mBallstát seo a leanas faoin 31 Nollaig 2028 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin:

An Chróit, an Danmhairg, an Liotuáin, an Spáinn, an Bhulgáir, Éire

Déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna na mBallstát seo a leanas faoin 31 Nollaig 2029 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin:

An Fhionlainn, an Ostair, an Rómáin, Lucsamburg, an Laitvia, an Pholainn

Déanfar athbhreithniú piaraí ar ÚNDCanna na mBallstát agus na dtíortha LEE/CSTE seo a leanas faoin 31 Nollaig 2030 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin:

An Chipir, an Fhrainc, an Phortaingéil, Lichtinstéin, an Iorua, an Íoslainn

IARSCRÍBHINN II

Modheolaíocht an athbhreithnithe piaraí

II.1 **Deighilt idir gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus gníomhaíochtaí maoirseachta**

Agus measúnú á dhéanamh ar an deighilt idir gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus gníomhaíochtaí maoirseachta an ÚNDC phiarmheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 59(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/881, déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú an ÚNDC phiarmheasúnaithe, lena sainaithnítear go soiléir na heintitis agus/nó na ranna éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/881;

(b) mapáil ar ghníomhaíochtaí an ÚNDC phiarmheasúnaithe in aghaidh na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 58(7) de Rialachán (AE) 2019/881;

(c) i gcás ina n-eisíonn an ÚNDC piarmheasúnaithe deimhnithe, míniú lena léirítear nach bhfuil aon chur isteach ar a ghníomhaíochtaí deimhniúcháin agus ar na gníomhaíochtaí maoirseachta mar a shainaithnítear i bpointe (b).

II.2 **Maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndeimhnithe**

Agus measúnú á dhéanamh ar nósanna imeachta an ÚNDC phiarmheasúnaithe chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe le deimhnithe Eorpacha cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 59(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/881, déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cáilíocht agus leibhéal na tuairisce mionsonraithe ar na próisis agus na nósanna imeachta sin agus a mhéid a dhéantar iad a dhoiciméadú;

(b) cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhniú cibearshlándála leis na próisis agus na nósanna imeachta sin agus a mhéid a chumhdaítear iad;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil sé de chumhacht éifeachtach ag an ÚNDC piarmheasúnaithe cigireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a eisíonn deimhnithe agus, i gcás inar gá, tarraingt siar deimhnithe a fhorfheidhmiú;

(d) a mhéid a chomhoibríonn an ÚNDC piarmheasúnaithe leis na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh;

(e) cé acu atá nó nach bhfuil sásra ag an ÚNDC piarmheasúnaithe chun gearáin ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a láimhseáil, rud a cheanglaítear de bhun Airteagal 58(7), pointe (f), de Rialachán (AE) 2019/881, lena n-áirítear fianaise i dtaobh an bhfuil sé de cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a thaisceadh agus leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcomhréir le hAirteagail 63 agus 64 den Rialachán sin, faoi seach.

II.3 **Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí monaróirí nó soláthraithe**

Agus measúnú á dhéanamh ar nósanna imeachta an ÚNDC phiarmheasúnaithe chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí monaróirí nó soláthraithe a dhéanann féinmheasúnuithe comhréireachta, dá dtagraítear in Airteagal 59(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/881, déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil nósanna imeachta den sórt sin bunaithe ag an ÚNDC piarmheasúnaithe agus a mhéid a dhéantar iad a dhoiciméadú, go háirithe cé acu atá nó nach bhfuil sásra bunaithe aige chun faisnéis ó fhoinsí seachtracha a fháil agus a phróiseáil;

(b) cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhniú cibearshlándála leis na nósanna imeachta sin agus a mhéid a chumhdaítear iad;

(c) cé acu a dhéanann nó nach ndéanann agus a mhéid a dhéanann an ÚNDC piarmheasúnaithe a chuid imscrúduithe féin agus cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear le raon feidhme na n-imscrúduithe oibleagáidí na monaróirí a leagtar amach in Airteagal 53(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/881 agus sna scéimeanna Eorpacha comhfhreagracha um dheimhniú cibearshlándála;

(d) cé acu atá nó nach bhfuil nós imeachta ann chun faisnéis a mhalartú idir gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus gníomhaíochtaí maoirseachta an ÚNDC phiarmheasúnaithe atá ábhartha maidir le faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí monaróirí nó soláthraithe.

II.4 **Faireachán, údarú agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta**

Agus measúnú á dhéanamh ar nósanna imeachta an ÚNDC phiarmheasúnaithe chun faireachán, údarú agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, dá dtagraítear in Airteagal 59(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/881, déanfar measúnú san athbhreithniú piaraí ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cáilíocht agus leibhéal na tuairisce mionsonraithe ar na nósanna imeachta sin agus a mhéid a dhéantar iad a dhoiciméadú, lena n-áirítear maidir le comhar leis an gcomhlacht creidiúnaithe náisiúnta;

(b) an príomhstaidreamh maidir leis an líon údaruithe a deonaíodh, a cuireadh ar fionraí nó a tarraingíodh siar, an líon iomlán comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá i mbun gníomhaíochta, an líon deimhnithe a eisíodh, agus an líon gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinne an ÚNDC piarmheasúnaithe;

(c) i gcás ina gceadaíonn an ÚNDC piarmheasúnaithe deimhnithe Eorpacha cibearshlándála a eisiúint ar leibhéal 'ard' tar éis formheas a fháil roimh ré nó ar bhonn tharmligean ginearálta an chúraim mar a leagtar amach in Airteagal 56(6) de Rialachán (AE) 2019/881, saineolas na foirne, agus na nósanna imeachta trína ndéanann an ÚNDC piarmheasúnaithe faireachán agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta.